

EOLAS TÁBHACHTACH – LÉIGH GO CÚRAMACH

Gráid:

40% an pasmharc do gach modúl don SCG & OCG.

Tá do thoradh do gach modúil sa cholún ‘Tomlán’ ar an trascríbhínn. Tá an marc seo tugtha mar chéatadán. Tá briseadh síos ar an nGné Phraiticiúil tugtha chomh maith.

A	B	C	D	E	F
100-85	84-70	69-55	54-40	39-25	24-0

SA PHOSTAS SEO:

- 1 Trascríbhínn na dTorthaí
- 2 Eolas Tábhachtach.

AR FÁIL AG www.ilrweb.ie

- A Staitisticí SCG & OCG Cáisc 2023
- B Míniúchán ar an bPróiseas achomhairc
- C Foirm Iarratais ar Theastas Críochnaithe don Cháilíocht sa Ghaeilge
- D Foirm Iarratais don Atrial
- E Foirm do Chuairt Scoile.

TEASTAS CRÍOCHNAITHE DON CHÁILÍOCHT SA GHAELIGE:

Tá sé éigeantach d’iarrthóirí a bhfuil na modúil go léir den SCG & d’OCG agus an Cúrsa Gaeltachta críochnaithe acu iarratas a sheoladh anois chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge ar theastas críochnaithe chun sonraí a aistriú chuig an Chomhailre Mhúinteoireachta.

Tá foirm iarratais ar fáil ag www.ilrweb.ie.

AG ATHDHÉANAMH MODÚIL:

Caithfidh gach iarrthóir a fhaigheann marc de 39% nó níos lú sa cholún “Tomlán” an modúl sin a athdhéanamh. Is féidir an marc don Gné Phraiticiúil a iompar ar aghaidh má bhaineann tú pas amach sa chuid sin.

Tugtar toradh “Teip/Neamhchríochnaithe” d’iarrthóirí nach mbíonn an Gné Phraiticiúil ar fad críochnaithe acu. Sa chás sin, caithfidh an t-iarrthóir **gach cuid** den mhodúl a athdhéanamh (an Gné Phraiticiúil agus an Páipéar Scríofa).

Beidh na hatrialacha do na Gnéithe Praiticiúla ar siúl d’iarrthóirí a chaithfidh, nó ar mian leo, tabhairt faoin gcuid sin a luaithe agus atá sé praiticiúil.

Ní bhfaighidh tú fógra trí seachtaine an t-am seo, ach gheobhaidh tú glao gutháin ó d’fheitheoir chomh luath agus is féidir chun am agus lá a shocrú don chuairt scoile.

Tá sé riachtanach go gcuirfidh tú an fhoirm atrialach agus an fhoirm do chuairt scoile ar ais chugainn láithreach má tá Gné Phraiticiúil á hathdhéanamh agat (ar fáil ag www.ilrweb.ie).

**AN BHFUIL CEIST AGAT?
LE TEAGMHÁIL A DHÉANAMH
LE HOIFIG NA gCÁILÍOCHTAÍ GAEILGE
Seol ríomhphost chuig scg@mie.ie or ocg@mie.ie**

AG BREATHNÚ AR SCRIPTEANNA:

Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil 0-39 bainte amach acu i modúl agus a dteastaíonn uathu breathnú ar a ngrád/script, ríomhphost a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge

(chuig **viewing.scgocg@protonmail.com**) ag tabhairt d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe/mheasúnaithe agus an mhír/na míreanna ar mhaith leat soiléiriú a fháil orthu. Cuir BREATHNÚ mar theideal ar do ríomhphost. Gheobhaidh tú freagra uathoibríoch.

Is é an spriocdháta d'iarratais trí ríomhphost chun soiléiriú ar scrípteanna a lorg ná, **Aoine 26 Meitheamh, 2023 ag 5.00 i.n.** Ní ghlacfar le ríomhphost tar éis an dáta sin. Níl an breathnú ar ghrád/script ar fáil ach amháin le haghaidh gráid do modúl sa raon 0 – 39 %.

ACHOMHARC A LORG AR THORTHAÍ (TÁILLE le hÍOC):

Más mian leat achomharc a dhéanamh ar aon mhír beidh ort ríomhphost a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (chuig **appeals.scgocg@protonmail.com**) ag tabhairt d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe /mheasúnaithe agus an mhír/na míreanna ar mhaith leat achomharc a lorg uirthi /orthu. Cuir ACHOMHARC mar theideal ar do ríomhphost. Gheobhaidh tú freagra uathoibríoch
Beidh táille le hÍOC ar-líne ag www.ilrweb.ie.

Is é an spriocdháta don ríomhphost ag lorg achomhairc ná, Dé hAoine, 2 Meitheamh, 2023. Ní ghlacfar le ríomhphost tar éis an dáta seo. Ní gá duit soiléiriú ar do script a lorg chun achomharc a lorg.

AN SCRÚDÚ ATRIALACH:

Reáchtáilfear an Scrúdú Atrialach Déardaoin, 17 & Aoine, 18, Lúnasa 2023. Caithfidh foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh roimh **5.00 i.n., Dé hAoine, 19 Meitheamh 2023. NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS TAR ÉIS AN DÁTA SIN.** Moltar duit na foirmeacha atrialacha a sheoladh ar ais láithreach. Tá foirmeacha iarratais don scrúdú atrialach ar fáil ag www.ilrweb.ie

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA:

Aoine, 26 Bealtaine, 5.00i.n.	Spriocdháta d'iarratais chun breathnú ar Scrípteanna a lorg
Aoine, 2 Bealtaine, 5.00i.n.	Spriocdháta d'iarratais ag lorg Achomhairc
Aoine, 16 Meitheamh	Torthaí Achomhairc sa phost ó Marino (*dáta sealadach)
Luan, 19 Meitheamh 5.00i.n.	Spriocdháta chun clárú don Scrúdú Atrialach (Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta seo)
19 – 23 Meitheamh	Atrial sna Gnéithe Praiticiúla
Déardaoin 17 & Aoine 18 Lúnasa	Scrúduithe Atrialacha SCG & OCG – Marino
Déardaoin, 1 Lúnasa	Clárúchán don SCG & OCG 23/24 oscailte
Aoine, 15 Meán Fómhair	Torthaí na nAtrialacha sa phost ó Marino (*dáta sealadach)

IARRATAIS DON SCG & D' OCG 2023/24:

Beidh foirmeacha iarratais ar fáil le híoslódáil ó www.ilrweb.ie ó 1 Lúnasa ar aghaidh.